AN CARGHAS 2020

‘Caomhnaigh an buanghrá agus an ceart.’ (Hóisé 12:6)



Trócaire

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá 3
Conas an Acmhainn seo a Úsáid 3

An Carghas 2020
– **Madris: Teaghlach an chreidimh agus na hurnaí** 5
– **Seo é an tAthair Barasa** 7
– **Seo í Angela** 9

Ceardlann 10

Urnaí ar son na Báistí 14

Urnaí ar Son na Cruinne 15

Tá breis acmhainní don Charghas, nótaí aithisc, machnamh agus Turas na Croise ar fáil ag: www.trocaire.org/resources/parishes

Na Rannpháirtithe:
Anna Keegan, Trócaire
Mary Boyce, Trócaire
Mary Coogan, Trócaire
Garry Walsh, Trócaire

Grianghraf an Chlúdaigh: Alex, Madris & Joy Faith sa bhaile sa Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

RÉAMHRÁ

Bunaíodh Trócaire i 1973 mar ghníomhaireacht fhorbartha thar lear na hEaglaise Caitlicí in Éirinn.

Bunaíodh an eagraíocht mar fhreagairt ar an mbearna mhór a bhí ann idir na bochtáin agus lucht an rachmais, agus an fhreagracht atá orainne ar fad, an bhearna sin a laghdú. Tá Trócaire fréamhaithe i bprionsabail an teagaisc sóisialta Caitlicigh. Bíonn an teagasc sóisialta Caitliceach bunaithe ar an gcreideamh atá ionainn go mbíonn a phlean féin ag Dia maidir le ríocht na síochána, an ghrá agus an chirt a thógáil ar domhan. Tá sé ráite go láidir agus go húdarásach ag easpaig na hÉireann i mbunreacht Trócaire: 'Ní féidir linn a rá go bhfuil grá do Dhia ionainn mura mbíonn grá don chomharsa ionainn.' Arsa Naomh Eoin linn, "Duine a bhfuil maoin an tsaoil aige agus go n airíonn a bhráthair ar an gcaolchuid, agus go gcruann a chroí air, conas a bheadh grá Dé go buan sa duine sin? A chlann liom, ná tugaimis grá briathair ná cainte amháin, ach grá gnímh agus fírinne."' (1 Eoin 3:17–18).

Ag glacadh le briathra an tSoiscéil, iarraimid oraibh i gcomhar le pobal an pharóiste, an acmhainn seo a léamh, a roinnt eadraibh, agus freagairt a thabhairt air agus muid ag glacadh go lúcháireach leis an tuiscint atá againn gur féidir linn rud ar bith a dhéanamh le cabhair ghrásta Dé.

CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID

Bíonn na gníomhaíochtaí san acmhainn seo ag díriú ar dhá theaghlach a fhaigheann tacaíocht ó Trócaire thar bhur gceann, teaghlach acu sa Chéinia agus an teaghlach eile i Hondúras.

Istigh san acmhainn tá:

- Scéalta don Charghas 2020
- Ceardlann
- Urnaí agus Machnamh
- Breis acmhainní agus nótaí aithisc ar fáil ag: www.trocaire.org/resources/parishes

Is féidir déileáil leis an acmhainn ar bhonn pearsanta nó mar ghrúpa, sa bhaile nó sa pharóiste.

AN CARGHAS 2020

Bíonn teaghlaigh ar fud an domhain go leanúnach i mbaol ón gcoinbhleacht, ón triomach, ó ghrabáil na talún.

Tugann go leor de mhná an domhain aghaidh ar an mbagairt seo, iad ag obair go dian leis na teaghlaigh a choimeád le chéile, agus le sárú a dhéanamh ar na deacrachtaí uafásacha a bhaineann leis an teaghlach a chothú. I rith an Charghais 2020 caithfear súil ar bhealaí éagsúla ina gcumhdaíonn na mná a gcuid teaghlach. I rith an Charghais 2020 beidh scéalta ó Chéinia agus ó Hondúras á insint againn, le súil a chaitheamh ar an mbealach ina mbíonn na mná gníomhach leis an teaghlach agus leis an bpobal a chosaint ó thionchar marfach an athraithe aeráide, agus ó ghníomhartha na gcorparáidí ollmhóra. Madris agus Angela is ainm do bheirt acu. Bíodh cuimhneamh againn orthu i rith an Charghais, agus ar mhná na cruinne atá ar aon dul leo.



Alex, Madris & Joy-Faith sa bhaile sa Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

Erick, Joy Faith, Alex, Madris, Julius & Eugene sa bhaile sa Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

MADRIS: TEAGHLACH AN CHREIDIMH AGUS NA hURNAÍ

Siúlann Madris thart sa pháirc bheag thirim donn atá in aice leis an teach beag ina gcónaíonn sí. Maireann sí in éineacht lena seisear clainne. Níl barr ar bith le sonrú anseo, seachas cúpla tor tirim.

'Cuireann an easpa báistí isteach go mór orm toisc go mbraitheann mo chuid plandaí ar an bhfearthainn,' a deir sí.

Cónaíonn sí i bparóiste Ishiara, in oirthear na Céinia i mboth bheag adhmaid agus láibe, agus díon iarainn roctha air. Baineann dhá sheomra bheaga leis, é gan leictreachas ná uisce ar bith.

Ar nós go leor de phobal na Céinia, ní féidir le teaghlach Madris go leor bia nó ioncaim a bhaint den fheirm de bharr an triomaigh. Agus an pláinéad ag téamh suas leis, tarlaíonn an triomach níos minice anois i gceantair thur na tíre ar nós Ishiara.

Bíonn Madris ag brath ar ghabhair agus ar shicíní a thógáil, agus ar obair fhánach ar nós cipíní a bhailiú agus a dhíol mar adhmad tine. Toisc nach bhfuil ioncam seasta aici, bíonn sé deacair di an chlann a chothú agus fiacha scoile a íoc.

Braitheann Madris ar an meon láidir agus ar an teacht aniar atá inti le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra atá roimpi. Is Críostaí Anglacánach í, agus tá creideamh láidir inti.

'Óir ní thiocfaidh an crann fígí i mbláth;
ní bheidh caor le fáil ar na fíniúna;
rachaidh de thoradh an chrainn olóige;
ní thabharfaidh na goirt aon bhia;
ní fhágfar caora sa chró
nó bó ar bith sa bhuaile.
Ach lúcháirfidh mise sa Tiarna,
déanfaidh mé gairdeas i nDia,
mo Shlánaitheoir'
(Hab 3:17–18)

Nuair a chuirtear ceist uirthi maidir leis an mbealach ina dtugann sí aire don teaghlach agus a leithéidí de dhúshláin roimpi, deir sí gur ábhar nirt é an creideamh Críostaí. Guíonn sí chun Dé agus bronnann Dia an grásta uirthi na luachanna cearta pearsanta a mhúineadh don chlann.

Is tábhachtach an rud é do Madris agus don teaghlach guí a dhéanamh in éineacht lena chéile, rud a dhéanann siad ag deireadh gach lae. Guíonn Madris ach go háirithe in am an ghátair. 'Tá creideamh láidir i nDia agam, agus mura mbíonn ar mo chumas na fiacha scoile a íoc, mar shampla, iarraim cabhair ar Dhia, agus cuirtear ar fáil iad. Guímid go minic ar son na báistí sa séipéal agus ag cruinnithe an phobail chomh maith.'

Creideann sí go gcabhródh sé leo dá gcuirfeadh daoine eile urnaí in airde ar a son. 'Ba mhaith liom a rá le pobal na hÉireann nach bhfuil go leor uisce againn anseo sa Chéinia. Ba mhaith liom go ndéanfadh sibhse urnaí ar ár son agus ar son na bhfeirmeacha.'

Bíonn na béilí ag croílár shaol teaghlaigh Madris. 'Tá sé tábhachtach go n-íosfaimis le chéile, toisc gur féidir linn a bheith ag caint lena chéile le linn na mbéilí.

Is féidir cúrsaí an lae agus eile a phlé agus deacrachtaí a chéile a iniúchadh féachaint an féidir cabhair a sholáthar le hiad a réiteach.' Mura mbíonn go leor bia sa teach, cuireann am béilí isteach go mór ar Madris. 'Goilleann sé orm go mbíonn na páistí ag caoineadh leis an ocras.'

Is é an tráthnóna an t-am den lá is ansa le Madris. Imríonn siad cluichí lena chéile, agus canann siad amhráin. Arsa Madris, 'Is breá liom an tráthnóna toisc go mbíonn am agam ansin a bheith ag caint leis an gclann.'

Tugann páirtí Trócaire, paróiste Ishiara, gach tacaíocht do Madris. Cuireadh oiliúint uirthi faoi bhealaí nua fheirmeoireacht orgánach um dhíothú dramhaíola. D'fhoghlaim sí conas uisce báistí a shábháil agus a stóráil, agus conas galair na mbeithíoch a sheachaint. Tugadh cabhair di a bheith páirteach i gcomhlachas coigiltis agus iasachtaí. Cuireann sé seo ioncaim bhreise ar fáil di le linn an triomaigh, agus tugann na mná eile gach tacaíocht di.

Cé go mbíonn iliomad dúshlán le sárú acu, éiríonn le Madris an teaghlach a choinneáil le chéile, fiú má bhíonn uirthi a bheith ag iompar ualaigh uisce ar a droim ar feadh cúpla uair a chloig in aghaidh an lae.

Madris & an grúpa coigiltis & iasachtaí, An Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

SEO É AN tATHAIR BARASA

'Filligí chun an Tiarna, bhur nDia, mar tá sé truachroíoch agus trócaireach, mall chun feirge agus lán de bhuanghrá.'

(Ióéil 2:13)

Is sagart Agaistíneach é an tAthair Patrick Barasa, duine a oirníodh ceithre bhliain ó shin. Theastaigh ón Athair Barasa a bheith ina shagart ar an gcéad dul síos toisc go dtéadh sé ar Aifreann lena mhuintir Chaitliceach. Bhí an-mheas aige ar shagart a bhí ag obair sa pharóiste, agus ba mhaith leis an Athair Barasa aithris a dhéanamh air.

Curáideach é an tAthair Barasa atá i bparóiste Ishiara, áit i bhfoisceacht 200 km de Nairobi agus soir ó thuaidh uaithi. Tá an paróiste ar an saol le seacht mbliana fichead, suite i gceantair thirim na Céinia. An dúshlán is mó a chuirtear roimh phobal an pharóiste ná an easpa báistí, agus an triomach a leanann dá bharr. Tagann an bháisteach dhá uair sa bhliain de ghnáth ach níor lean an chéad thréimhse bháistí 2019 ach ar feadh seachtaine.

Tá séipéal mór amháin i bparóiste Ishiara agus naoi stáisiún déag – is iad sin na séipéil bheaga atá faoi stiúir na gcaiticeasmóirí tuata. Bíonn ceathrar sagart ag freastal ar na stáisiúin bheaga ar fud an pharóiste, agus déantar iarracht Aifreann a cheiliúradh leis an bpobal i ngach aon cheann acu cúpla uair sa mhí. Tá cúig bhunscoil Chaitliceacha déag, agus cúig Iar-bhunscoil Chaitliceacha sa pharóiste.

Tá coláiste oiliúna múinteoirí ann chomh maith. Tugann an tAthair Barasa aire thréadach do gach aon cheann acu. Is minic a bhíonn pobal Ishiara ag guí ar son na báistí.

Tá Trócaire ag obair in Ishiara ón mbliain 1996. Cuireadh tús le cúrsaí trí thionscadal uisciúcháin a bhunú, rud a chuir ar chumas na ndaoine breis bia a fhás. Deir an tAthair Barasa gur minic na daoine a fhásann breis bia ar bhealach atá neamhdhíobhálach don timpeallacht ag cabhrú leis na teaghlaigh atá ar an ngannchuid. Bíonn an fhlaithiúlacht agus an tacaíocht dá chéile go mór le sonrú i measc phobal an pharóiste. Bíonn an bhagairt ann i gcónaí áfach, toisc nach dtagann an bháisteach chucu. Ciallaíonn an éiginnteacht seo faoin mbáisteach go mbítear de shíor ag cónaí go leochaileach ar an imeall.

Tá abhainn amháin san áit, agus nuair a thriomaíonn an abhainn seo, bíonn deacracht ann uisce a aimsiú. Deir na seandaoine gur a mhalairt de shaol a bhí ann nuair a bhíodar óg, go raibh go leor aibhneacha ann agus gur thuigeadar i gcónaí nuair a bhíodh an bháisteach le teacht. Sa lá atá inniu ann tá formhór na n-aibhneacha sin triomaithe suas agus ní féidir a bheith ag brath ar an mbáisteach.

An tAthair Patrick Barasa i séipéal an pharóiste, Ishiara, An Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

Arsa an tAthair Barasa, 'Is ábhar tromchúiseach é an t-athrú aeráide i measc phobal an chreidimh, toisc go mbaineann fiúntas le gach ar chruthaigh Dia. Caithfidh gaol maith a bheith againn leis an gcruinne. Bímid ag brath ar an gcomhshaol, bíonn an comhshaol ag brath orainne.'

'Goilleann sé orm go gcruthaíonn an taighde a rinne mé go bhfuil freagracht níos mó ar thíortha eile ar domhan as an athrú aeráide ná mar atá ar an Chéinia, ach bíonn tionchar níos measa orainne ná mar a bhíonn orthusan.

Is é mo ghuí go mbeidh tíortha an domhain ag comhoibriú lena chéile leis an fhadhb a leigheas toisc nach féidir le hilchríoch amháin é a dhéanamh leis féin amháin.'

Labhraíonn an tAthair Barasa le pobal na hÉireann: 'Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil libh. Cabhraíonn sibh leis an bparóiste seo ar an-chuid bealaí. Ba mhaith liom go mbeadh sibh gníomhach ag obair lena chéile in aghaidh an athraithe aeráide. Guímis lena chéile ar son na báistí, agus bímis ag feidhmiú i gcomhpháirtíocht lena chéile leis an bpláinéad a shábháil ionas go mbeidh saol maith fiúntach ar domhan roimh na nglúine atá le teacht.'

SEO Í ANGELA

Máthair chúigear clainne í Angela. Tá cónaí uirthi i Hondúras.

Tá baile Angela suite ar thalamh dhúchasach treibhe, agus tá teideal comhchoiteann acu air. Sa bhliain 2008, chláraigh Angela le MADJ, páirtí Trócaire, gluaiseacht leathan a bhíonn gníomhach in aghaidh an éillithe, agus ar son na dínite agus an chirt.

Arsa Angela, 'Is í an fhadhb atá againn anseo ná go bhfuil an fhoraois á lot. Tá na comhlachtaí logála agus mianadóireachta tagtha anseo le dúshaothrú a dhéanamh ar ár gcuid tailte. Thug mé faoi deara go raibh na crainn agus na mianraí á ndíol acu, agus mar sin chuir mé ladhar sa scéal.'

Sa bhliain 2010, bhrúigh comhlacht logála é féin isteach i dtailte na treibhe. Arsa Angela, 'Bainimid úsáid as an sruthán le haghaidh uisce, agus thuigeamar go raibh sé á thruailliú nuair a thugamar faoi deara go raibh gríos coirp ar na páistí chomh maith le cách. Ní uisce le hól a bhí ann, buíochas le Dia - bhaintí úsáid as le gréithe agus le héidí a ní. Is dá bharr san a ndeachaigh mise i mbun gnímh. Cuireadh oiliúint orm mar gheall ar ár gcuid cearta. Bhíomar aineolach roimhe seo, níor thuigeamar na cúrsaí sin. Anois táimid ag troid ar son ár gcuid cearta. Táimid ag tabhairt aghaidh ar an gcomhlacht logála.'

I mí Dheireadh Fómhair 2017, bhunaigh Angela agus an pobal áitiúil suíomh síochánta campála leis an bhforaois a chosaint.

Angela, Jocsan & Helen an leanbh sa bhaile, Hondúras. Grianghraf: Simon Burch

Cé go raibh léirsiú síochánta ar siúl ag pobal Angela, bhí bagairt fhoréigneach orthu. Chuireadar carraigeacha amach ar an mbóthar le bac a chur ar na leoraithe logála, agus tháinig na póilíní le cúrsaí a fhiosrú. D'fhan Angela agus na léirsitheoirí sa bhealach ar na trucailí. Scaoil na póilíní dhá dhosaen urchar deorgháis leo. Bhí idir páistí, daoine aosta agus mná a bhí ag iompar clainne sa slua.

Arsa Angela, 'Bhí duine de na póilíní am bhualadh le stoc an raidhfil. Ba dhóbair go marófaí mé!'

Arsa Angela, 'Tá go leor foghlamtha agam mar bhean agus mar mháthair chúigear clainne. Caithfear troid leis an talamh agus lenár gcuid airnéis a chosaint. Baineann ár saol go smior leis an bhforaois, leis na haibhneacha, leis an imshaol agus leis an nádúr ar fad.'

I CEARDLANN

Tugann Trócaire cuireadh daoibh plé agus machnamh a dhéanamh. Is féidir é a dhéanamh leat féin nó le grúpa duine, sa bhaile sa pharóiste nó i measc an phobail.

Tosaímid leis an nguí seo:

In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.
A Thiarna, treoraigh ár gcroí is ár smaointe. Múin dúinn conas aithne a chur ort agus tú a ghrá i mbriathar agus i ngníomh. Stiúir ar an mbealach ceart sinn ionas go lorgóimid saol cothrom cóir do chách.
Amen.

Lectio Divina

Cloistear an sliocht seo ón Soiscéal go luath sa Charghas: 'Is sibhse salann na talún, Is sibhse solas an domhain.' Léigh an Soiscéal seo go ciúin, nó os ard. Éist leis na focail.

Alex & Joy Faith sa bhaile, An Chéinia.
Grianghraf: Gary Moore

'Is sibhse salann na talún. Ach má éiríonn an salann leamh, cad a dhéanfaidh goirt arís é? Níl tairbhe ann feasta chun rud ar bith, ach é a chaitheamh amach mar a ngabhfar de chosa ann. Is sibhse solas an domhain. Cathair ar mhullach cnoic ní féidir í a cheilt. Ná ní lastar lampa chun é a chur faoi bhéal na peice, ach in airde ar an gcrann solais mar a dtugann sé solas dá mbíonn sa teach. Sibhse mar an gcéanna, bíodh bhur solas ag taitneamh os comhair daoine chun go bhfeicfidís bhur ndeaghníomhartha agus go nglóireoidís bhur nAthair atá ar neamh.' (Matha 5:13–16)

Bíodh tráth ciúnais ina dhiaidh. Lig don Soiscéal seo dul i bhfeidhm ort.

Léigh an Soiscéal sin. Freagair na ceisteanna thíos agus scríobh na freagraí san áit oiriúnach, nó bíodh plé mar ghrúpa eadraibh.

Roghnaigh focal nó frása tábhachtach ón Soiscéal seo.

Cén chiall a bhaineann tú as an ráiteas sin ag an bpointe seo?

Léigh an Soiscéal arís, ar bhealach urnaitheach smaointeach, ag glacadh leis an méid atá á rá ag an Athair linn. Lig do bhriathra an tSoiscéil dul i bhfeidhm ort. Mothaigh an grá a bhronnann an tAthair orainn.

Machnamh

Is sibhse an solas agus an salann. Níl Íosa ag caint faoin mianach atá ionaibh, tá sé ag rá gur ag an staid seo, is sibhse an solas agus an salann. Rud thar a bheith luachmhar ab ea an salann in aimsir Chríost. Baintí úsáid as le bia a choimeád, le blas a chur leis, le sciomradh a dhéanamh. Rud thar a bheith luachmhar é an salann. Nuair a deir Íosa gur sibhse an salann, tá sé ag dearbhú go mbaineann luach leis na deisceabail, go mbaineann tábhacht leo, go mbímid ag brath oraibhse don bheatha.

Is sibhse solas an domhain. Bíonn sé de dhualgas orainn mar Chríostaithe, lóchrann an tSoiscéil a chrochadh os ard ionas go lonróidh an solas orainn féin, chomh maith le cách. Roinnimid an grá nuair a dhéanaimid a leithéid. Nuair a ghráimid an duine eile chomh maith linn féin, nuair a chleachtaimid an dea-ghníomh, is sinne an solas.

Ní rudaí luachmhara iontu féin amháin iad an salann agus an solas – tugann siad saibhreas do rudaí eile. Iarrtar orainne an rud céanna a dhéanamh. Cuireadh ar an saol muid le cabhrú leis an duine eile, leis an lámh chúnta a shíneadh chuig pobal an domhain, le bheith mar fhinnéithe ar an Soiscéal agus a thabhairt le fios do dhaoine eile go bhfuil géarghá anseo leo.

‘Go mbeadh sibh chomh feiceálach… le soilse na cruinne.’ (Fil 2:15)

Féach – Smaoinigh – Gníomhaigh

Féach

Léigh scéal Madris arís, ag glacadh leis an méid a léigh tú sa Soiscéal, ag smaoineamh ar an bhfrása is tábhachtaí a thug tú leat uaidh, agus ag smaoineamh ar an machnamh a rinneadh.

Smaoinigh

Freagair na ceisteanna, nó pléigh mar ghrúpa iad. Scríobh síos na freagraí más maith leat.

Cad iad na cosúlachtaí atá ann idir do shaol féin agus saol mhuintir Madris?

Labhraíonn Madris maidir leis an athrú aimsire a tharla ón uair a bhí sí féin ina páiste. Ar tháinig athrú ar bith i do shaol féin, i saol an teaghlaigh nó i measc an phobail ón uair a bhí tú féin óg?

Is iad astaíochtaí bliantúil carbóin na Céinia ná 0.3 tonna méadrach an duine – beagnach cúig huaire fichead níos lú ná mar atá in Éirinn. Bíonn tionchar i bhfad níos mó agus níos measa ag an athrú aeráide ar Madris agus ar a muintir ná mar a bhíonn orainne in Éirinn. Is iad na daoine is lú atá freagrach as an athrú aeráide a fhulaingíonn an drochthionchar is mó uaidh. An dóigh leat gur staid chothrom í seo? Cén fáth?

Gníomhaigh

Smaoinigh ar feadh nóiméid, ar an méid a chuala tú sa Soiscéal. Smaoinigh ar shaol Madris agus ar do shaol féin.

‘Beidh na buanna agus an ábaltacht atá san uile dhuine de dhíth orainn leis an slad a rinne an chine dhaonna ar gach ar chruthaigh Dia a leigheas.’ (An Pápa Proinsias’ , *Laudato Si’*, 14)

Cad is féidir leatsa a dhéanamh anois, mar chuid den troid in aghaidh an athraithe aeráide…

… sa bhaile?

_____

_____

… sa pharóiste?

_____

_____

… i measc an phobail?

_____

_____

… istigh i do chroí féin?

_____

_____

D'iarr Madris agus an tAthair Barasa dhá rud ar mhuintir na hÉireann.

Cuirimid deireadh leis an gceardlann/an machnamh seo lenár nguí:

In ainm an Athar agus an Mhic …

A Íosa bí inár bhfochair agus muid ag cur leis an eolas atá againn faoin domhan a bhronn tú orainn.

Deonaigh go mbeidh sé de mhisneach againn feidhmiú ar bhealach cóir grámhar.

Glacaimid leis an nglao a chuireann tú orainn a bheith gníomhach le pobal an domhain a chosaint.

Iarraimid ar Mhuire ár máthair cabhrú linn:

Sé do bheatha a Mhuire …

Amen.

Gníomhartha Eile

- Déan obair dheonach le Trócaire nó le heagraíocht ar bith eile a lorgaíonn an ceart agus an inbhuanaitheacht ar domhan: trocaire.org/getinvolved/volunteer
- Cláraigh agus tacaigh le feachtas Trócaire faoi chearta daonna agus lucht gnó: trocaire.org/business-and-human-rights

Tá breis eolais agus acmhainní a bhaineann lenár gcuid feachtas ar fáil ag: www.trocaire.org

URNAÍ AR SON NA BÁISTÍ

Leis an Athair Barasa

Tugaimid cuireadh daoibh an phaidir seo a rá sa bhaile, sa pharóiste, nó i measc an phobail. Bheadh sé úsáideach mar mhachnamh ag am comaoineach, nó de réir mar a bhíonn scéalta an Charghais faoin dá theaghlach á insint.

Guímis:

A Dhia ár nAthair gabhaimid buíochas leat as bronntanas na beatha, as an domhan ar fad a bhronnadh orainn. Gabhaimid buíochas leat freisin as an gcreideamh agus an misneach a thabhairt dúinn. A Thiarna, guímid go dtiocfaidh an bháisteach chugainn, chuig an dúiche seo Paróiste Ishiara, agus chuig na cúigí sa Chéinia atá ag fulaingt ón triomach. Is tusa a Thiarna, an té a chuireann an uile rud ar fáil dúinn. Is tusa a bhronn an bheatha sa taobh seo tíre orainn, agus is tusa a leagann an saol oiriúnach amach dúinn. A Thiarna, iarraim ort breathnú anuas ar dhólás do mhuintire, orthusan ach go háirithe atá gan bháisteach le fada, orthusan a fhulaingíonn ón ocras de bharr thionchar an athraithe aeráide a tharraing an triomach agus an gorta anuas orainn. Iarraimid ort do ghrásta a bhronnadh orainn agus an bháisteach a chur chugainn anseo, ionas go mbeidh do mhuintir in ann saol fiúntach a chaitheamh. Iarraim ort a Thiarna an misneach a bhronnadh orainn an comhshaol a chaomhnú ionas go gcuirfidh an timpeallacht riachtanais an tsaoil ar fáil dúinn de réir mar a dhéanaimid í a chosaint. Deonaigh, tríd an obair a dhéanaimid, go mbeidh saibhreas an nádúir ar fáil do na glúine atá le teacht.

Cuirimid ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. Amen.

Madris ag iompar uisce don chlann, An Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

URNAÍ AR SON NA CRUINNE

Le húsáid mar mhachnamh um Chomaoineach, ag tosach cruinniú den chomhairle thréadach nó mar ghuí phearsanta.

'Urnaí ar Son na Cruinne' leis an bPápa Proinsias

A Dhia uilechumhachtach, tá tusa i láthair sa domhan ina iomláine, agus sa chréatúr is lú acu. Beireann tú barróg orainn atá lán de do ghrá gan teorainn. Doirt anuas orainn grásta do ghrá ollmhór, ionas go bhféadfaimis an bheatha agus an áille a chosaint.

Líon leis an tsíocháin sinn, ionas gur féidir linn maireachtáil mar dhearthóireacha is deirfiúracha nach gcuirfeadh isteach ar aon duine eile. A Dhia na mbocht, bíonn suim ar leith agat sa mhuintir a dtréigtear agus a bhíonn gan cara ar bith. Cabhraigh linn teacht i gcabhair orthu. Cneasaigh an bheatha ionainn ionas go mbeimid mar lucht cosanta an domhain, agus gan an dúshaothrú a imirt air. Deonaigh go dtabharfaimid an áilleacht isteach sa saol, seachas an lot ná an truailliú.

Jocsan, mac Angela, sa bhaile, Hondúras. Grianghraf: Simon Burch

Téigh i bhfeidhm ar na daoine sin a lorgódh an brabach i gcónaí, bíodh is go mbeadh an domhan agus na boicht thíos leis. Deonaigh go dtuigfimid go mbaineann a luach intreach féin le gach dúil bheo. Déanaimis machnamh ar iontais an tsaoil ionas go dtuigfimis go mbímid i ndlúthpháirtíocht leis an uile chréatúr ar an mbealach chun na beatha síoraí. Gabhaimid buíochas leat as aire a thabhairt dúinn i gcónaí. Tabhair spreagadh dúinn a Thiarna, leanúint leis an troid ar son an chirt agus an ghrá, agus ar son na síochána.

Tá breis acmhainní, grianghraif agus físeáin ar fáil ag: www.trocaire.org/parish

Bí linn ar:

Facebook: facebook.com/trocaireireland – bígí i dteagmháil

Twitter: twitter.com/trocaire – na tvuíteanna is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire – tacaíonn sibh leis na daoine seo

Vimeo: vimeo.com/trocaire – féach ar na físeáin

Instagram: instagram.com/trocaireonline – físeáin & grianghraif anseo

Bígí i dTeagmháil:

Trócaire, Maigh Nuad
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: mary.boyce@trocaire.org
www.trocaire.org

Trócaire, 12 Sr. na hArdeaglaise,
Baile Átha Cliath 1, Éire
F: +353 (0)1 874 3875
R: dublincentre@trocaire.org
www.trocaire.org

Trócaire, 9 Sr. an Chócaigh,
Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org
www.trocaire.org

Trócaire, 50 Sr. an Rí, Béal
Feirste BT1 6AD, Tuaisceart
Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org
www.trocaire.org

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tAcht um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

TAG: CH9

Trócaire